RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/931 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Márta 2021

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an modh chun idirbhearta díorthach ag a bhfuil tionscnóir riosca ábhartha amháin nó níos mó a shainaithint chun críocha Airteagal 277(5), an fhoirmle chun deilte mhaoirseachta na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol arna mapáil ar an gcatagóir riosca ráta úis a ríomh agus an modh chun a chinneadh an suíomh fada nó gearr é idirbheart sa phríomhthionscnóir riosca nó sa tionscnóir riosca is ábhartha sa chatagóir riosca ar leith chun críocha Airteagal 279a(3)(a) agus (b) sa chur chuige caighdeánaithe maidir le riosca creidmheasa an chontrapháirtí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 277(5) agus an tríú fomhír d'Airteagal 279a(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart d'institiúidí tionscnóirí riosca d'idirbheart díorthach a shainaithint trí na fachtóirí riosca ar a mbraitheann sreafaí airgid an idirbhirt sin a chinneadh. Chun a áirithiú go leanfaidh institiúidí cur chuige comhchuibhithe maidir leis an tsainaithint sin, ba cheart dóibh, ar a laghad, breithniú a dhéanamh ar na fachtóirí riosca a liostaítear i Roinn 3, Caibidil 1a de Theideal IV de Chuid a Trí de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

(2) Maidir leis an modh chun idirbhearta díorthach nach bhfuil ach aon tionscnóir riosca ábhartha amháin acu a shainaithint, chun na hidirbhearta díorthach sin a mhapáil sa chatagóir ábhartha riosca, ba cheart go mbeadh sé simplí i ngach cás ina bhfuil príomhthionscnóir riosca an idirbhirt díorthach, is é sin an t-aon tionscnóir riosca ábhartha, inaitheanta láithreach ó nádúr agus ó shreafaí airgid an idirbhirt sin.

(3) Úsáideann institiúidí babhtálacha rátaí úis trasairgeadra chun an riosca malairte eachtraí a eascraíonn as cistiú nó as infheistíocht in airgeadraí eachtracha a fhálú. Cé go mbraitheann idirbhearta den sórt sin go príomha ar thionscnóirí riosca malairte eachtraí, is féidir leo a bheith ag brath freisin ar thionscnóirí riosca eile, amhail tionscnóirí riosca ráta úis. Mar sin féin, ós rud é gur léir ón taithí a fuarthas ar an margadh go mbíonn éifeacht na tionscnóirí riosca eile sin neamhábhartha go minic i gcás na gcineálacha áirithe idirbhirt sin, má thagann idirbheart faoin gcineál sin, ba cheart gur leor é sin chun idirbhearta den sórt sin a shainaithint mar idirbhearta díorthach nach bhfuil ach aon tionscnóir riosca ábhartha amháin acu.

(4) Beag beann ar chineál agus ar shreafaí airgid d'idirbheart díorthach, níor cheart a mheas gur tionscnóir riosca ábhartha iad na rátaí úis a úsáidtear chun sreafaí airgid an idirbhirt ("an ráta lascaine") a lascainiú. Bheadh sé díréireach agus trom ceanglas a chur ar institiúidí an ráta lascaine a chur san áireamh sa mhodh chun idirbhearta díorthach nach bhfuil ach aon tionscnóir riosca ábhartha amháin acu a shainaithint, mar is léir ón taithí eimpíreach gur gnách go mbíonn éifeacht níos teoranta ag an tionscnóir riosca ar luach idirbheart díorthach ná mar a bhíonn ag tionscnóirí riosca eile as a ndíorthaítear a sreafaí airgid.

(5) Maidir le hidirbhearta díorthach a bhfuil níos mó ná tionscnóir riosca amháin ag gabháil leo, ba cheart d'institiúidí íogaireachtaí agus luaineacht na hionstraime foluití a chur san áireamh chun na tionscnóirí riosca sin atá ábhartha i ngach catagóir riosca agus na tionscnóirí riosca is ábhartha de na tionscnóirí riosca sin i ngach catagóir riosca a shainaithint.

(6) Maidir le hidirbhearta díorthacha a bhfuil níos mó ná aon tionscnóir riosca amháin ag baint leo agus i gcás ina dtagraíonn na tionscnóirí riosca sin do chatagóirí riosca éagsúla, d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí a bhaint de thátal as cé acu de na tionscnóirí riosca sin atá ábhartha, fiú tar éis íogaireachtaí agus luaineacht ionstraim fhorluiteach an idirbhirt a chur san áireamh. I gcásanna den sórt sin, ba cheart d'institiúidí, mar chur chuige simplí coimeádach cúltaca, tionscnóirí riosca uile an ábhair idirbhirt a mheas agus, dá bhrí sin, an t-idirbheart díorthach a leithdháileadh ar na catagóirí riosca a chomhfhreagraíonn do na tionscnóirí riosca sin ar bhonn na dtionscnóirí riosca is ábhartha laistigh de gach catagóir riosca.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

(7) Níor cheart an modh chun idirbhearta díorthach nach bhfuil ach aon tionscnóir riosca ábhartha amháin acu a shainaithint a dhéanamh tráth an tionscanta amháin, i gcás inar sainaithníodh nach bhfuil ach aon tionscnóir riosca amháin ag na hidirbhearta díorthach sin tráth an tionscanta, toisc gur buntréith de chuid na n-idirbheart sin é an tionscnóir riosca aonair sin agus nach meastar, dá bhrí sin, go n-athróidh siad. I gcás ina n-aithnítear, tráth an tionscanta, go bhfuil níos mó ná aon tionscnóir riosca amháin ag idirbhearta díorthacha, ba cheart an próiseas chun na tionscnóirí riosca ábhartha agus is ábhartha de na tionscnóirí riosca sin a shainaithint a dhéanamh ar bhonn ráithiúil ionas gur féidir aon athrú ar na hidirbhearta sin a léiriú go hiomchuí i mapáil an idirbhirt díorthach sin ar na catagóirí ábhartha riosca.

(8) Ceanglaítear le hAirteagal 279a(3), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 go ndéanfar an fhoirmle atá le húsáid chun deilte mhaoirseachta na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol a ríomh, nuair a mhapáiltear í ar an gcatagóir riosca ráta úis, atá comhoiriúnach do dhálaí margaidh ina bhféadfadh rátaí úis a bheith diúltach a shonrú i gcomhréir le forbairtí rialála idirnáisiúnta. An 22 Márta 2018, d'fhoilsigh Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB) ([2]) "Frequently asked questions on the Basel III standardised approach for measuring counterparty credit risk exposures" [na ceisteanna coitianta maidir le cur chuige caighdeánaithe Basel III chun neamhchosaintí ar riosca creidmheasa contrapháirtí a thomhas], inar míníodh gur cheart an deilte mhaoirseachta le haghaidh roghanna ráta úis i gcás timpeallacht rátaí úis diúltacha a chinneadh i gcomhréir le foirmle shonrach, ina gcuirtear aistriú lambda (λ) i bhfeidhm ar an spotráta úis nó ar an réamhráta úis agus ar phraghas ceangail na céadrogha a úsáidtear san fhoirmle sin chun a áirithiú go mbeidh an spotráta úis nó an réamhráta úis sin agus praghas ceangail na céadrogha deimhneach.

(9) Le go mbeadh an spotráta nó an réamhráta úis agus praghas ceangail na céadrogha deimhneach, ba cheart an t-aistriú λ a bheith mór go leor chun a chur ar chumas institiúidí deilte mhaoirseachta idirbhirt a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar síos in Airteagal 279a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ach ba cheart an t-athrú sin a bheith sách beag gan claonadh neamhriachtanach a thabhairt isteach i dtoradh an ríomha deilte mhaoirseachta.

(10) Ba cheart an luaineacht mhaoirseachta, atá ar cheann de na paraiméadair chun an deilte mhaoirseachta a ríomh, a chinneadh i bhfianaise na foirmle sonraí chun an deilte mhaoirseachta a ríomh i gcás céadroghanna ar dhíol agus ar cheannach sa chatagóir riosca ráta úis. Maidir leis sin, meastar go bhfuil luach na luaineachta maoirseachta i gcás céadroghanna ar dhíol agus ar cheannach sa chatagóir riosca ráta úis faoi mar a cinneadh sna caighdeáin idirnáisiúnta arna nglacadh ag CBMB, meastar go bhfuil an luach sin oiriúnach dá úsáid faoi dhlí an Aontais.

(11) Le go bhféadfaidh institiúidí a chinneadh an suíomh fada nó gearr é idirbheart sa phríomhthionscnóir riosca, tionscnóir riosca ábhartha nó tionscnóir riosca is ábhartha de chatagóir riosca ar leith, ba cheart an fhaisnéis i dtaobh idirbhirt ar cheart d'institiúidí í a úsáid chun cinneadh den sórt sin a dhéanamh a leagan síos. Chun ualaí nach bhfuil gá leo ar institiúidí a sheachaint, ba cheart cead a bheith acu an fhaisnéis chéanna a úsáid agus an fhaisnéis a úsáideann siad chun tionscnóirí riosca ábhartha a shainaithint.

(12) Tá an Rialachán seo bunaithe ar dhréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.

(13) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag an Údarás Baincéireachta Eorpach maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ([3]).

([2]) Ceisteanna coitianta maidir le cur chuige caighdeánaithe Basel III chun neamhchosaintí ar riosca creidmheasa contrapháirtí a thomhas, 22 Márta 2018.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

Modh chun idirbhearta nach bhfuil ach aon tionscnóir riosca ábhartha amháin acu a shainaithint, idirbhearta ag a bhfuil níos mó ná tionscnóir riosca ábhartha amháin agus chun na tionscnóirí riosca is ábhartha de na tionscnóirí riosca sin a shainaithint

Airteagal 1

Modh le haghaidh na tionscnóirí riosca d'idirbheart díorthach a shainaithint

1. Chun idirbhearta nach bhfuil iontu ach aon tionscnóir riosca ábhartha amháin agus idirbhearta ag a bhfuil níos mó ná tionscnóir riosca ábhartha amháin a shainaithint, déanfaidh institiúidí tionscnóirí riosca uile an idirbhirt a shainaithint, tráth tionscanta gach idirbhirt, trí na fachtóirí riosca ar a mbraitheann sreafaí airgid an idirbhirt sin a chinneadh, ag féachaint do na fachtóirí riosca dá dtagraítear in Airteagal 325l go 325q de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar a laghad. Tionscnóirí riosca an idirbhirt, is iad na fachtóirí riosca a shainaithníonn na hinstitiúidí.

2. Ní dhéanfaidh institiúidí na fachtóirí riosca ráta úis a úsáidtear chun sreafaí airgid an idirbhirt a lascainiú a mheas mar thionscnóirí riosca idirbhirt.

Airteagal 2

An modh chun na hidirbhearta sin nach bhfuil ach aon tionscnóir riosca ábhartha amháin acu a shainaithint

1. Tar éis tionscnóirí riosca uile idirbhirt a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 1, déanfaidh institiúidí, tráth tionscanta gach idirbhirt, idirbhearta nach bhfuil ach aon tionscnóir riosca ábhartha amháin acu a shainaithint tríd an méid seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) i gcás ina mbraitheann sreafaí airgid an idirbhirt go heisiach ar thionscnóir riosca amháin a bhaineann le ceann de na catagóirí riosca dá dtagraítear in Airteagal 277(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, sainaithneoidh institiúidí gurb é an tionscnóir riosca sin an t-aon tionscnóir riosca ábhartha a ghabhann leis an idirbheart sin;

(b) i gcás ina mbraitheann sreafaí airgid an idirbhirt ar níos mó ná aon tionscnóir riosca amháin agus i gcás nach sainaithníonn institiúidí go bhfuil ach aon tionscnóir riosca amháin don idirbheart sin ábhartha i gcomhréir leis an modh a leagtar síos in Airteagal 4(3) nó leis an modh a leagtar síos in Airteagal 4(4), déanfaidh institiúidí an tionscnóir riosca sin a shainaithint mar an t-aon tionscnóir riosca ábhartha don idirbheart sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás babhtálacha rátaí úis trasairgeadra dá dtagraítear i bpointe 2(a) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, féadfaidh institiúidí an tionscnóir riosca malairte eachtraí a shainaithint mar an t-aon tionscnóir riosca ábhartha don idirbheart.

Airteagal 3

An modh chun na hidirbhearta sin a bhfuil níos mó ná aon tionscnóir riosca ábhartha amháin acu a shainaithint

Chun críocha Airteagal 277(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh institiúidí gach idirbheart seachas na cinn siúd dá dtagraítear in Airteagal 2 a shainaithint mar idirbhearta lena mbaineann níos mó ná aon tionscnóir riosca ábhartha amháin.

Airteagal 4

An modh le haghaidh na tionscnóirí riosca ábhartha a shainaithint agus na tionscnóirí riosca is ábhartha as na cinn sin a shainaithint

1. Tar éis tionscnóirí riosca uile idirbhirt a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 1 agus má bhíonn sreafaí airgid an idirbhirt ag brath ar níos mó ná aon tionscnóir riosca amháin, sainaithneoidh institiúidí na tionscnóirí riosca ábhartha agus na tionscnóirí riosca is ábhartha as na cinn sin trí cheann de na modhanna a leagtar síos i míreanna 2, 3 agus 4 a chur i bhfeidhm, de réir mar is iomchuí.

2. Cuirfidh institiúidí na céimeanna seo a leanas i bhfeidhm tráth tionscanta an idirbhirt:

(a) measfaidh siad gur tionscnóirí riosca ábhartha iad tionscnóirí riosca uile an idirbhirt arna sainaithint i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 1;

(b) i gcás gach catagóire riosca a chomhfhreagraíonn do na tionscnóirí riosca ábhartha sin, sainaithneoidh siad mar an tionscnóir riosca is ábhartha an tionscnóir riosca is mó a chomhfhreagraíonn d'fhorlíontán na catagóire riosca is airde as na cinn dá dtagraítear in Airteagail 280a go 280f de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

3. Cuirfidh institiúidí na céimeanna seo a leanas i bhfeidhm tráth tionscanta an idirbhirt, agus ansin ar bhonn ráithiúil ar a laghad:

(a) déanfaidh siad íogaireachtaí riosca na deilte a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325r de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le gach tionscnóir riosca a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 1 den Rialachán seo;

(b) déanfaidh siad na híogaireachtaí ualaithe a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar síos in Airteagal 325f(6) den Rialachán sin bunaithe ar na híogaireachtaí a ríomhtar i gcomhréir le pointe (a);

(c) maidir le gach ceann de na catagóirí riosca dá dtagraítear in Airteagal 277(1) den Rialachán sin, ríomhfaidh siad an ceanglas cistí dílse a bhaineann le haicme riosca sonrach le haghaidh riosca margaidh i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar síos in Airteagal 325f(8) den Rialachán sin, bunaithe ar na híogaireachtaí ualaithe go léir dá dtagraítear i bpointe (b) de thionscnóirí riosca arna sannadh don chatagóir riosca sin;

(d) déanfaidh siad na ceanglais cistí dílse uile le haghaidh riosca margaidh dá dtagraítear i bpointe (c) a rangú ón gceann is mó go dtí an ceann is lú i ndearbhthéarmaí, d'fhonn sraith iontrálacha a laghdaíonn go haontonach a fháil, i gcás inarb ionann an iontráil a_1 agus an dearbhthéarma is mó, arb é a_2 an dara téarma is mó agus mar sin de;

(e) maidir le gach iontráil a_i arna ríomh agus arna rangú i gcomhréir le pointe (d) agus san ord mar thoradh ar a rangú, fíoróidh siad cé acu atá an coinníoll seo a leanas comhlíonta nó nach bhfuil:

$$\frac{\sum_{j=1}^{i} a_j}{\sum_{k=1}^{6} a_k} < Y\%$$

sa chás seo:

i = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na catagóirí riosca dá dtagraítear in Airteagal 277(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna rangú i gcomhréir le pointe (d) agus san ord mar thoradh ar an rangú sin;

Y % = 60 %;

(f) breithneoidh siad mar nithe ábhartha:

(i) na tionscnóirí riosca a chomhfhreagraíonn do na catagóirí riosca dá gcomhlíontar an coinníoll atá leagtha síos i bpointe (e) den mhír seo;

(ii) na tionscnóirí riosca a chomhfhreagraíonn don chéad chatagóir riosca nach gcomhlíontar an coinníoll sin ina leith;

(g) fíoróidh siad, i gcás gach ceann de na catagóirí riosca a chomhfhreagraíonn do thionscnóirí riosca nach bhfuil ábhartha i gcomhréir le pointe (f), fíoróidh siad má chomhlíonann an iontráil chomhfhreagrach a_i an coinníoll a leanas:

$$\frac{a_i}{\sum_{k=1}^{6} a_k} \geq Z\%$$

sa chás seo:

i = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na catagóirí riosca dá dtagraítear in Airteagal 277(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna rangú i gcomhréir le pointe (d) agus san ord mar thoradh ar an rangú sin, agus a chomhfhreagraíonn do thionscnóirí riosca nach bhfuil ábhartha i gcomhréir le pointe (f);

Z % = 30 %;

(h) i dteannta na dtionscnóirí riosca ábhartha arna sainaithint i gcomhréir le pointe (f), measfaidh siad freisin gur tionscnóirí riosca ábhartha na tionscnóirí riosca sin a chomhfhreagraíonn do na catagóirí riosca dá gcomhlíontar an coinníoll atá leagtha síos i bpointe (g);

(i) maidir le gach ceann de na catagóirí riosca dá dtagraítear i bpointe (f) agus i bpointe (h), measfaidh siad gurb é an tionscnóir riosca is ábhartha don chatagóir riosca sin an tiománaí riosca a chomhfhreagraíonn don luach absalóideach is airde de na híogaireachtaí ualaithe dá dtagraítear i bpointe (b).

4. Féadfaidh institiúidí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nó atá díolmhaithe ón gceanglas tuairiscithe i gcomhréir le hAirteagal 325a(1) den Rialachán sin, an tionscnóir riosca is ábhartha a shainaithint trí na céimeanna seo a leanas a chur i bhfeidhm tráth tionscanta an idirbhirt, agus ansin ar bhonn ráithiúil ar a laghad:

(a) ríomhfaidh siad forlíontáin na catagóire riosca dá dtagraítear in Airteagail 280a go 280f de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, de réir mar is infheidhme, le haghaidh gach tionscnóir riosca a shainaithneofar i gcomhréir le hAirteagal 1. I gcás ina bhfuil níos mó ná tionscnóir riosca amháin atá sainaitheanta i gcomhréir le hAirteagal 1 sannta don chatagóir riosca céanna, coinneoidh institiúidí an tionscnóir riosca sa chatagóir riosca sin a chomhfhreagraíonn d'fhorlíontán na catagóire riosca is airde sa chatagóir riosca sin chun pointe (b) a chur i bhfeidhm;

(b) cuirfidh siad na céimeanna a leagtar síos i mír 3, pointí (d) go (h), i bhfeidhm, áit a mbeidh na hiontrálacha a úsáidtear sna céimeanna sin bunaithe ar fhorlíontáin na catagóire riosca a ríomhtar i gcomhréir le pointe (a) den mhír seo;

(c) Na tionscnóirí riosca ábhartha arna sainaithint mar thoradh ar an modh dá dtagraítear i bpointe (b), sainaithneoidh na hinstitiúidí gurb iad sin na tionscnóirí riosca is ábhartha sna catagóirí ábhartha riosca.

CAIBIDIL 2

Foirmle a úsáidfear chun ríomh a dhéanamh ar dheilte mhaoirseachta na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol arna mapáil ar an gcatagóir riosca ráta úis agus luaineacht mhaoirseachta atá oiriúnach don fhoirmle agus modh lena chinneadh an suíomh fada nó gearr é idirbheart sa phríomhthionscnóir riosca nó sa tionscnóir riosca is ábhartha i gcatagóir riosca ar leith

Airteagal 5

Foirmle chun ríomh a dhéanamh ar dheilte mhaoirseachta na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol arna mapáil ar an gcatagóir riosca ráta úis agus luaineacht mhaoirseachta atá oiriúnach don fhoirmle sin

1. Ríomhfaidh institiúidí deilte mhaoirseachta (δ) na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol, nuair a mhapáiltear í ar an gcatagóir ráta úis, atá comhoiriúnach le dálaí an mhargaidh faoina bhféadfadh rátaí úis a bheith diúltach mar seo a leanas:

$$\delta = comhartha \cdot N\left(cineál \cdot \frac{\ln\left(\left.(P+\lambda)\right/(K+\lambda)\right) + 0.5 \cdot \sigma^2 \cdot T}{\sigma \cdot \sqrt{T}} \right)$$

sa chás seo:

$$cineál = \begin{cases} -1 \text{ i gcás go bhfuil an t-idirbheart ina chéadrogha ar dhíol} \\ +1 \text{ i gcás go bhfuil an t-idirbheart ina chéadrogha ar cheannach} \end{cases}$$

comhartha

$$= \begin{cases} -1 \text{ i gcás go bhfuil an t-idirbheart ina chéadrogha ar cheannach atá díolta nó ina chéadrogha ar dhíol atá ceannaithe} \\ +1 \text{ i gcás go bhfuil an t-idirbheart ina chéadrogha ar dhíol atá díolta nó ina chéadrogha ar cheannach atá ceannaithe} \end{cases}$$

$N(x)$ = an fheidhm dáileacháin charnaigh d'athróg randamach normálta chaighdeánach lena léirítear an dóchúlacht go bhfuil athróg randamach normálta ar meán di náid agus ar athraitheas di aon níos lú ná "x" nó cothrom leis;

P = spotphraghas nó réamhphraghas ionstraim fhorluiteach na céadrogha;

K = praghas ceangail na céadrogha;

T = dáta éaga na céadrogha, arna shloinneadh i mblianta ag úsáid an choinbhinsiúin ábhartha maidir le laethanta oibre;

λ = aistriú leordhóthanach chun P agus K araon a aistriú go raon deimhneach, arna chinneadh i gcomhréir le mír 2;

σ = luaineacht mhaoirseachta na céadrogha arna cinneadh i gcomhréir le mír 3.

2. Chun críocha mhír 1, déanfaidh institiúidí an t-aistriú (λ) le haghaidh aon chéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol a ríomh mar seo a leanas:

$$\lambda_j = \max(tairseach - \min(P_j, K_j), 0)$$

sa chás seo:

P_j = spotphraghas nó réamhphraghas ionstraim fhorluiteach na céadrogha *j*;

K_j = praghas ceangail na céadrogha *j*;

Tairseach =0.10%

3. Chun críocha mhír 1, cinnfidh institiúidí luaineacht mhaoirseachta na céadrogha ar bhonn chatagóir riosca an idirbhirt agus cineál ionstraim fhorluiteach na céadrogha i gcomhréir leis an tábla seo a leanas:

Tábla

Catagóir riosca	Ionstraim fhorluiteach	Luaineacht mhaoirseachta
An ráta úis	Gach ceann	50 %

Airteagal 6

An modh chun a chinneadh cé acu suíomh fada nó gearr é idirbheart sa phríomhthionscnóir riosca nó sa tionscnóir riosca is ábhartha i gcatagóir áirithe riosca

Cinnfidh institiúidí cé acu suíomh fada nó gearr é idirbheart sa phríomhthionscnóir riosca nó sa tionscnóir riosca is ábhartha i gcatagóir áirithe riosca trí cheachtar den dá mhodh a leanas a fheidhmiú:

(a) déanfaidh siad íogaireachtaí riosca deilte na dtionscnóirí riosca sin a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325r de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus sainaithneoidh siad an t-idirbheart mar shuíomh fada i dtionscnóir riosca i gcás ina mbeidh an íogaireacht riosca deilte chomhfhreagrach deimhneach nó mar shuíomh gearr i gcás ina mbeidh an íogaireacht riosca deilte chomhfhreagrach diúltach;

(b) déanfaidh siad measúnú ar a mhéid a bhraitheann struchtúr sreafaí airgid na n-idirbheart ar an tionscnóir riosca sin nó cuspóir an idirbhirt a fhálú i ndáil leis an tionscnóir riosca sin agus sainaithneoidh siad an t-idirbheart mar shuíomh fada nó mar shuíomh gearr ar bhonn an mheasúnaithe sin.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN